2024/2662

15.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2662 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Deireadh Fómhair 2024

lena mbunaítear foirm iarratais chaighdeánach le haghaidh Deimhniú Taistil Éigeandála AE agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/997 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Deimhniú Taistil Éigeandála AE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(9) agus Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/997 leagtar síos rialacha maidir leis na coinníollacha agus an nós imeachta i dtaca le saoránaigh nach ndéantar ionadaíocht orthu i dtríú tíortha chun go bhféadfaidís Deimhniú Taistil Éigeandála AE a fháil ('DTÉ AE') agus leis an Treoir sin bunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh an doiciméid, arb é atá inti foirm aonfhoirmeach DTÉ AE agus greamán aonfhoirmeach DTÉ AE.

(2) Leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452 ón gCoimisiún ([2]) sonraíochtaí teicniúla breise maidir le dearadh, formáid agus dathanna na foirme aonfhoirmí agus an ghreamáin aonfhoirmigh DTÉ AE, na ceanglais maidir le hábhar agus teicnící priontála na foirme aonfhoirmí DTÉ AE, agus gnéithe agus ceanglais slándála lena n-áirítear caighdeáin fheabhsaithe in aghaidh an bhrionnaithe, an ghóchumtha agus an fhalsaithe.

(3) Chun malartú faisnéise a éascú maidir le hiarratais ar DTÉ AE a eisiúint, ba cheart foirm iarratais chaighdeánach DTÉ AE a leagan síos.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 4(8) de Threoir (AE) 2019/997, iarrfar ar fhaighteoir DTÉ AE go gcuirfidh sé DTÉ AE ar ais ar theacht chuig an gceann scríbe deiridh dó. De bhun Airteagal 4(9) den Treoir sin, tá faisnéis faoin oibleagáid DTÉ AE a chur ar ais le cur san áireamh i bhfoirm chaighdeánach iarratais DTÉ AE.

(5) Chun an fhaisnéis is gá a sholáthar d'fhaighteoirí DTÉnna AE chun go mbeidh siad in ann an doiciméad a chur ar ais chuig an údarás iomchuí i gcomhréir leis an bhfaisnéis arna soláthar ar fhoirm chaighdeánach iarratais DTÉ AE, is gá sonraíochtaí teicniúla breise a leagan síos maidir le heisiúint DTÉ AE. Ba cheart a fhoráil sna sonraíochtaí sin gur cheart do Bhallstát na náisiúntachta an Ballstát cúnaimh a chur ar an eolas faoin áit a bhfuil DTÉ AE le cur ar ais chuige, ar faisnéis í ba cheart a sholáthar ansin d'fhaighteoir DTÉ AE.

(6) Is gá freisin caighdeáin theicniúla áirithe a fhorordaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452 a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. I gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452, ní mór a shoiléiriú gur cheart don Bhallstát aon fhoirm bhán aonfhoirmeach DTÉ AE agus aon ghreamán a goideadh nó a cailleadh le linn an phróisis seachadta a thuairisciú do bhunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid a Goideadh nó a Cailleadh, arb é an Ballstát é atá ag soláthar na bhfoirmeacha agus na ngreamán, chun bearnaí sa tuairisciú a sheachaint.

(7) Ba cheart rialacha maidir le greamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a líonadh isteach agus a ghreamú a chur isteach mar Chuid III den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452 chun a áirithiú go leanfaidh údaráis na mBallstát caighdeáin choiteanna agus DTÉnna AE á líonadh isteach acu, lena n-áirítear a gcrios meaisín-inléite.

([1]) IO L 163, 20.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/997/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla breise i ndáil leis an Deimhniú Taistil Éigeandála AE arna bhunú le Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle (IO L 320, 14.12.2022, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2452/oj).

(8) De bhun Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2019/997, ainmneoidh gach Ballstát comhlacht a bheidh freagrach as foirmeacha agus greamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh. Féadfaidh roinnt Ballstát nó iad uile an comhlacht céanna a ainmniú. Faoi láthair, tá trí chomhlacht éagsúla ainmnithe ag na Ballstáit. Ionas nach sannfar an uimhir chéanna doiciméid do DTÉnna AE arna dtáirgeadh ag comhlachtaí éagsúla, is gá a áirithiú go ndéanfar raonta uimhrithe a dhifreáil trí thagairt a dhéanamh do na comhlachtaí éagsúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit. Ina theannta sin, ba cheart raon uimhrithe a chur in áirithe lena úsáid amach anseo. Ba cheart na rialacha sin a chur isteach mar Chuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bheidh an fhoirm iarratais chaighdeánach ar Dheimhniú Taistil Éigeandála AE.

2. Le linn an chomhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2019/997 sula n-eiseofar Deimhniú Taistil Éigeandála AE, iarrfaidh an Ballstát cúnaimh ar Bhallstát na náisiúntachta faisnéis a sholáthar faoin áit a bhfuil an t-iarratasóir chun Deimhniú Taistil Éigeandála AE atá le heisiúint ar theacht chuig an gceann scríbe deiridh dó a chur ar ais, mar shampla:

(a) údarás Bhallstát na náisiúntachta atá freagrach as doiciméid taistil a eisiúint;

(b) ambasáid nó consalacht Bhallstát na náisiúntachta;

(c) oifigigh teorann Bhallstát na náisiúntachta.

3. Cuirfidh Ballstát na náisiúntachta an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil don Bhallstát cúnaimh. Cuirfidh an Ballstát cúnaimh an fhaisnéis sin in iúl don iarratasóir agus DTÉ AE á eisiúint aige.

Airteagal 2

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'Is mar a leagtar amach i gCuid III den Iarscríbhinn a bheidh na rialacha maidir le greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a líonadh agus a ghreamú.

Is mar a leagtar amach i gCuid IV den Iarscríbhinn a bheidh na rialacha maidir le comhlachtaí éagsúla atá freagrach as foirmeacha agus greamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh.';

(2) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad phointe 3.8 de Chuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452;

(3) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo isteach mar Chuid III den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452;

(4) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo isteach mar Chuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2452.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1683/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I



Iarratas ar Dheimhniú Taistil Éigeandála AE

Application for EU Emergency Travel Document
Demande de titre de voyage provisoire de l'UE

Foirm iarratais chaighdeánach / *Standard application form* / *Formulaire type de demande*

Tá an fhoirm iarratais seo saor in aisce / *This application form is free* / *Ce formulaire est gratuit*

1. Sloinne (Ainm an teaghlaigh) / *Surname (Family name)* / *Nom(s) [nom(s) de famille]*	
2. An céadainm nó na céadainmneacha / *Given name(s) (First name(s))* / *Prénom(s)*	
3. Dáta breithe (LL/MM/BBBB) / *Date of birth (DD MM YYYY)* / *Date de naissance (JJ MM AAAA)*	
4. Áit bhreithe (cathair) / *Place of birth (city)* / *Lieu de naissance* 5. Tír bhreithe / *Country of birth* / *Pays de naissance*	6. Inscne / *Sex* / *Sexe* ☐ Fireann / *Male* / *Masculin* ☐ Baineann / *Female* / *Féminin* ☐ Neamhshonraithe / *Unspecified* / *Non spécifié*
7. Náisiúntacht / *Nationality* / *Nationalité*	8. Náisiúntachtaí eile, más ann dóibh / *Other nationalities, if any* / *Autre(s) nationalité(s), le cas échéant*
9. I gcás ina bhfuil sí ar fáil, uimhir chlárúcháin náisiúnta nó uimhir slándála sóisialta / *Where available, national registration or social security number* / *Numéro de registre national ou de sécurité sociale, le cas échéant*	
10. I gcás an iarratasóra / *The applicant is* / *Le demandeur est* ☐ is saoránach den Aontas Eorpach é (duine a bhfuil náisiúntacht Ballstáit den Aontas Eorpach aige) / *an EU citizen (person holding the nationality of an EU Member State)* / *un(e) citoyen(ne) de l'UE (personne ayant la nationalité d'un État membre de l'UE)* ☐ is ball teaghlaigh saoránach den Aontas é agus ar cónaitheoir dlítheanach é i mBallstát den Aontas (sonraigh an gaol teaghlaigh le saoránaigh den Aontas) / *non-EU family member who is a legal resident in an EU Member State (specify family relationship with the EU citizens)* / *un membre de la famille ressortissant d'un pays tiers qui réside légalement dans un État membre de l'UE (veuillez préciser le lien de parenté avec les citoyens de l'UE)* ☐ eile (sonraigh) / *other (specify)* / *autre (veuillez préciser)*	
11. Faisnéis teagmhála an iarratasóra / *Applicant's contact information* / *Coordonnées du demandeur* Seoladh baile / *Home address* / *Adresse du domicile*	Ríomhphost / *E-mail* / *Courriel* Uimhir theileafóin / *Telephone number* / *Tél.*
12. An tír is ceann scríbe for the EU Emergency Travel Document / *Destination country for the EU Emergency Travel Document* / *Pays de destination pour le titre de voyage provisoire de l'UE*	
13. Cineál tíre is ceann scríbe / *Type of destination country* / *Type de pays de destination* ☐ Ballstát náisiúntachta an iarratasóra / *applicant's EU Member State of nationality* / *État membre de l'UE dont le demandeur a la nationalité* ☐ Ballstát cónaithe AE an iarratasóra (murab ionann é agus Ballstát a náisiúntachta) / *applicant's EU Member State of residence (if not identical with Member State of nationality)* / *État membre de l'UE dans lequel réside le demandeur (si différent de celui dont il a la nationalité)* ☐ eile (sonraigh an chúis atá leis an gceann scríbe seo) / *Other (specify the reason for this destination)* / *Autre (veuillez préciser la raison de cette destination)*	

14. Tíortha idirthurais idir an tír imeachta agus an tír is ceann scríbe a shonraítear faoi phointe 13, a chuireann in iúl an bealach pleanáilte / *Countries of transit between the departure country and the destination country indicated under point 13, reflecting the planned route / Pays de transit entre le pays de départ et le pays de destination indiqué au point 13, conformément à l'itinéraire prévu*

15. Fad an turais a bhfuil coinne leis, a chuireann in iúl an bealach pleanáilte (i laethanta) / *Expected duration of the journey, reflecting the planned route (in days) / Durée prévue du voyage, conformément à l'itinéraire prévu (en jours)*

Má tá sí ar fáil, tabhair an fhaisnéis seo a leanas / *If available, the following information / Les informations suivantes, si elles sont disponibles*

16. An cineál doiciméid taistil arna ionadú / *Type of travel document replaced / Type de titre de voyage remplacé*

17. Uimhir an doiciméid taistil arna ionadú / *Number of the travel document replaced / Numéro du titre de voyage remplacé*

18. Dáta eisiúna (LL MM BBBB) / *Date of issue (DD MM YYYY) / Date de délivrance (JJ MM AAAA)*

19. Dáta éaga (LL MM BBBB) / *Date of expiry (DD MM YYYY) / Date d'expiration (JJ MM AAAA)*

20. Arna eisiúint ag (tír) / *Issued by (country) / Délivré par (pays)*

21. I gcás ina bhfuil an t-iarratasóir faoi bhun 18 mbliana d'aois, tabhair an fhaisnéis seo a leanas faoin tuismitheoir/faoin gcaomhnóir dlíthiúil: Sloinne, céadainm, náisiúntacht, seoladh (murab ionann é agus seoladh an iarratasóra), uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist (d'fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith ag teastáil) / *Where the applicant is under the age of 18, the following information on the parental authority/legal guardian: Surname, first name, nationality, address (if different from applicant's), telephone number and e-mail address (additional information may be required) / Si le demandeur a moins de 18 ans, les informations suivantes sur le parent/tuteur légal (nom, prénom, nationalité, adresse (si différente de celle du demandeur), numéro de téléphone et courriel (des informations complémentaires peuvent être requises).*

Faisnéis don iarratasóir (nó tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil) / Information for the applicant (or parent/legal guardian) / Informations destinées au demandeur (ou au parent/tuteur légal)

Tríd an iarratas seo a shíniú, dearbhaím go bhfuil a fhios agam gur gá dom Deimhniú Taistil Éigeandála AE a thabhairt ar ais do na húdaráis nuair a bheidh mo cheann scríbe deiridh bainte amach agam i gcomhréir leis an bhfaisnéis a fhaighim nuair a eisítear Deimhniú Taistil Éigeandála AE dom. Ba cheart Deimhniú Taistil Éigeandála AE a chur ar ais chuig na húdaráis arna n-ainmniú ag an mBallstát dar náisiúnach mé. Féadfar a áireamh orthu sin:

— an t-údarás sa Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh dar náisiúnach mé agus atá freagrach as deimhnithe taistil, mar shampla, pasanna a eisiúint;
— ambasáid/consalacht Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh dar náisiúnach mé;
— oifigigh teorann dar náisiúnaigh Bhallstáit de chuid an Aontais iad.

Tá gá le sonraí pearsanta atá san áireamh san fhoirm iarratais seo agus le haon mhodh aitheantais atá ar fáil, mar shampla, cárta aitheantais nó ceadúnas tiomána, agus glacadh grianghraif díom, chun an t-iarratas ar Dheimhniú Taistil Éigeandála AE a phróiseáil. Aon sonraí pearsanta a bhaineann liom atá le feiceáil ar an bhfoirm iarratais agus aon mhodh aitheantais atá ar fáil, mar shampla, cárta aitheantais nó ceadúnas tiomána, chomh maith le mo ghrianghraf, féadfar iad a chur ar fáil d'údaráis ábhartha Bhallstáit de chuid an Aontais dar náisiúnach mé agus féadfaidh na húdaráis sin, chomh maith le húdaráis an Bhallstáit chúnaimh de chuid an Aontais, iad a phróiseáil, chun Deimhniú Taistil Éigeandála AE a eisiúint.

Ní choinneoidh an Ballstát cúnaimh agus an Ballstát dar náisiúnach an t-iarratasóir na sonraí pearsanta sin ach a fhad is gá, lena n-áirítear chun aon táillí is infheidhme a bhailiú. Ní choinneoidh an Ballstát cúnaimh na sonraí pearsanta sin go ceann tréimhse is faide ná 180 lá ná ní choinneoidh Ballstát dar náisiúnach an t-iarratasóir na sonraí pearsanta sin go ceann tréimhse is faide ná 2 bhliain i gcás ar bith.

I gcomhréir le Rialachán Ginearálta an Aontais maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679, gníomhaíonn údaráis chonsalacha an Bhallstáit chúnaimh agus an Ballstát dar náisiúntach an t-iarratasóir mar rialaitheoirí maidir leis na sonraí pearsanta, na sonraí ar an bhfoirm seo san áireamh. Is eol dom gur féidir liom iarrataí ar fheidhmiú mo cheart faoin Rialachán sin a chur faoi bhráid na rialaitheoirí sin.

Dearbhaím, chomh fada agus is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis go léir a chuir mé ar fáil ceart agus iomlán. Tuigim go bhféadfadh sé go ndiúltófaí m'iarratas nó go neamhneofaí Deimhniú Taistil Éigeandála AE a eisíodh cheana mar thoradh ar aon ráitis bhréagacha. D'fhéadfadh sé freisin go bhféadfaí mé a ionchúiseamh faoi dhlí an Bhallstáit atá ag déileáil leis an iarratas.

By signing this application, I declare that I am aware that I need to return the EU Emergency Travel Document to the authorities once I have reached my final destination in line with the information that I receive upon issuance of the EU Emergency Travel Document*. The EU Emergency Travel Document should be returned to the authorities designated by my Member State of nationality. These may include:*

— *the authority of my EU Member State of nationality responsible for issuing travel documents such as passports;*

— *an embassy/consulate of my EU Member State of nationality;*

— *border officials of the EU Member State of nationality.*

The collection of personal data included in this application form and any available means of identification such as an identity card or driving licence, and the taking of my photograph, are necessary for the processing of the application for an EU Emergency Travel Document. Any personal data concerning me that appears on the application form and any available means of identification such as an identity card or driving licence, as well as my photograph, may be provided to the relevant authorities of my EU Member State of nationality and processed by those authorities, as well as the authorities of the assisting EU Member State, for the purposes of issuing an EU Emergency Travel Document.

The assisting Member State and the Member State of nationality will retain such personal data only for as long as necessary, including for the collection of any applicable fees. In no case will that personal data be retained longer than 180 days by the assisting Member State or longer than two years by the Member State of nationality.

In accordance with the EU's General Data Protection Regulation (EU) 2016/679, the consular authorities of the assisting Member State and the Member State of nationality act as controllers regarding the personal data including on this form. I am aware that I can address requests for the exercise of my rights under that Regulation to those controllers.

I declare that to the best of my knowledge all information provided by me is correct and complete. I am aware that any false statements may lead to my application being rejected or to the annulment of an EU Emergency Travel Document already issued. It may also render me liable to prosecution under the law of the Member State handling the application.

En signant la présente demande, je déclare savoir que j'ai l'obligation de restituer le titre de voyage provisoire de l'UE aux autorités dès mon arrivée à ma destination finale, conformément aux informations que j'ai reçues au moment de sa délivrance*. Le titre de voyage provisoire de l'UE doit être restitué aux autorités désignées par l'État membre dont j'ai la nationalité. Il peut s'agir:*

— *de l'autorité de l'État membre de l'UE dont j'ai la nationalité qui est chargée de la délivrance de titres de voyage tels que les passeports;*

— *d'une ambassade ou d'un consulat de l'État membre de l'UE dont j'ai la nationalité;*

— *des gardes-frontières de l'État membre de l'UE dont j'ai la nationalité.*

Il est nécessaire, aux fins du traitement de la demande de titre de voyage provisoire de l'UE, de collecter les données à caractère personnel figurant dans le présent formulaire de demande et sur tous les moyens d'identification disponibles, par exemple la carte d'identité ou le permis de conduire, ainsi que de me photographier. Toutes les données à caractère personnel me concernant figurant dans le formulaire de demande et sur tous les moyens d'identification disponibles, par exemple la carte d'identité ou le permis de conduire, ainsi que ma photo, peuvent être transmises aux autorités compétentes de l'État membre de l'UE dont j'ai la nationalité et être traitées par ces autorités, ainsi que par les autorités de l'État membre de l'UE prêtant assistance aux fins de la délivrance du titre de voyage provisoire de l'UE.

L'État membre prêtant assistance et l'État membre dont j'ai la nationalité ne conserveront ces données à caractère personnel que le temps nécessaire, y compris aux fins de la perception de tous les frais applicables. Ces données ne seront en aucun cas conservées plus de 180 jours par l'État membre prêtant assistance et plus de deux ans par l'État membre dont j'ai la nationalité.

Conformément au règlement général de l'UE sur la protection des données [règlement (UE) 2016/679], les autorités consulaires de l'État membre prêtant assistance et l'État membre dont j'ai la nationalité agissent en qualité de responsables du traitement des données à caractère personnel, y compris celles figurant dans le présent formulaire. Les demandes relatives à l'exercice de mes droits peuvent leur être adressées conformément audit règlement.

Je déclare qu'à ma connaissance, toutes les indications que j'ai fournies sont correctes et complètes. Je suis informé(e) que toute fausse déclaration entraînera le rejet de ma demande ou l'annulation du titre de voyage provisoire de l'UE s'il a déjà été délivré, et peut entraîner des poursuites pénales à mon égard en application du droit de l'État membre qui traite la demande.

Áit agus dáta / *place and date* / *Lieu et date*

Síniú an iarratasóra (nó an tuismitheora/an chaomhnóra dhlíthiúla) / *Signature of the applicant (or parent/legal guardian)* / *signature du demandeur (ou du parent/tuteur légal)*

Le haghaidh úsáid oifigiúil amháin / For official use only / Partie réservée à l'administration

Dáta an iarratais / *Date of application* / *Date de la demande*

Uimhir an iarratais / *Application number* / *Numéro de la demande*

Áit ar taisceadh an t-iarratas / *Application lodged at* / *Demande introduite*

☐ ambasáid / *embassy* / *ambassade*

☐ consalacht / *Consulate* / *Consulat*

☐ údarás eile (sonraigh) / *other authority (specify)* / *autre autorité (veuillez préciser)*

i mBallstát an Aontais Eorpaigh / *of EU Member State* / *d'État membre de l'UE*

i (tír/cathair) / *in (country/city)* / *à/en/au/aux (nom du pays/de la ville)*

Sonraí teagmhála / contact information / Coordonnées de contact

Comhad arna láimhseáil ag / *file handled by* / *Responsable du dossier*

Sloinne agus céadainm/céadainmneacha / *Surname and given name(s)* / *Nom et prénom(s)*

Ríomhphost / *E-mail* / *Courriel*

Uimhir theileafóin / *Telephone number* / *Tél.*

IARSCRÍBHINN II

‘3**.8. GNÉITHE SEACHADTA**

Ní mór don Bhallstát a eisíonn an conradh agus don táirgeoir seachadadh DTÉnna AE a rialú. Ós rud é go meastar gur ítimí slándála ardriosca iad DTÉnna AE críochnaithe nach ndearnadh pearsantú orthu go fóill, ní mór an t-iompar a bheith chomh slán agus is féidir.

Ní mór measúnú riosca cineálach a dhéanamh agus a dhoiciméadú maidir le gach cineál iompair agus ní mór aon bhearta slándála breise a mheastar a bheith riachtanach a chur chun feidhme (e.g. feithicil armúrtha, feithicil tionlacain). Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnuithe sin aon uair a thagann athrú ar na himthosca ábhartha.

Ní mór faireachán a dhéanamh ar gach gníomhaíocht luchtaithe agus díluchtaithe – lena n-áirítear seachadadh chuig an bpáirtí is faighteoir – agus é sin a dhéanamh faoi dhé-stiúradh, is é sin, rialú ina bhfuil beirt nó níos mó páirteach.

Ní mór sraithuimhreacha DTÉnna AE atá á n-iompar a chur ar fáil don Bhallstát a eisíonn an conradh trí mheán leictreonach roimh imeacht dó.

Ba cheart stádas agus suíomh na bhfeithiclí a bhfuil táirgí priontála slána á n-iompar acu a sheiceáil go tráthrialta le linn an iompair. Ní mór dhá chóras neamhspleácha ar a laghad a bheith ann, córais lena n-áirithítear cumarsáid éifeachtach le comhpháirtithe seachtracha i gcás aon chur isteach ar an iompar.

Ní mór aon neamhrialtacht (e.g. aon pháirtí lena mbaineann gan na híoscheanglais iompair sin a chomhlíonadh, ionsaí ar an lucht atá á iompar nó caillteanas ar aon chúis le linn an iompair) a thuairisciú láithreach don chuideachta táirgthe.

Ní ceadmhach rochtain a bheith ann ar na táirgí slána ón taobh istigh de chábán an tiománaí agus ní mór an urrann ina n-iompraítear na hearraí a bheith déanta as miotal, a bheith foriata go hiomlán (tá cosc ar fheithiclí a bhfuil cabhalra cuirtíneach acu) agus rochtain a bheith ann le haghaidh luchtú agus díluchtú trí dhoras glasáilte. Ní ceadmhach eochracha na nglas a iompar taobh istigh den fheithicil.

I ndáil le haon chonradh chun foirmeacha agus greamáin DTÉ AE atá bán agus aonfhoirmeach a sheachadadh, ní mór foráil a dhéanamh maidir le haon ghoid nó le haon caillteanas foirmeacha agus greamán DTÉ AE atá bán agus aonfhoirmeach le linn an phróisis seachadta a thuairisciú láithreach don Bhallstát a eisíonn an conradh, lena n-áirítear na sraithuimhreacha lena mbaineann. Ní mór do na Ballstáit a eisíonn an conradh an ghoid nó an caillteanas sin a thuairisciú do bhunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid Taistil atá Goidte nó Caillte (SLTD), gan dochar d’aon oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 38(2)(k) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).’.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj).

IARSCRÍBHINN III

'**Cuid III**

Greamáin aonfhoirmeacha de Dheimhniú Taistil Éigeandála AE a líonadh isteach agus a ghreamú

1. **Greamáin aonfhoirmeacha de Dheimhniú Taistil Éigeandála AE a líonadh isteach**

Cuirfear na hiontrálacha seo a leanas isteach i ngreamán aonfhoirmeach de Dheimhniú Taistil Éigeandála AE (DTÉ AE):

1.1. Roinn 'FOR ONE JOURNEY TO/POUR UN VOYAGE VERS':

Sonraítear sa Roinn seo an tír is ceann scríbe dá n-eisítear DTÉ AE.

Comhlánófar an Roinn seo tríd an ainm gearr a úsáid i mBéarla mar a leagtar amach i Roinn 7.1.1. agus in Iarscríbhinn A5 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach arna foilsiú ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh an Ballstát eisiúna an tír is ceann scríbe a chur in iúl freisin i dteanga oifigiúil eile nó i dteangacha oifigiúla eile. I gcás ina n-úsáidtear teangacha éagsúla, déanfar iad a dheighilt le fiarstríoc (/) (mar shampla: Italy/Italie).

1.2. Roinn 'VIA/VIA':

Féadfaidh an Roinn seo aon tír idirthurais idir an tír imeachta agus an tír is ceann scríbe a léiriú, a chuireann in iúl an bealach pleanáilte.

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as na cóid trí litir a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

I gcás ina gcuirtear roinnt tíortha idirthurais in iúl, déanfar iad a dheighilt trí leas a bhaint as dais chothrománach (mar shampla: ESP-AUT). Ní shonrófar níos mó ná cúig thír idirthurais.

1.3. Roinn "NUMBER OF THE EU ETD FORM/Numéro DU FORMULAIRE TVP UE":

Comhlánófar an Roinn seo trí uimhir na foirme aonfhoirmí DTÉ AE ar a ngreamófar an greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a líonadh isteach.

1.4. Roinn "ISSUING STATE/ÉTAT DE DÉLIVRANCE":

Sonraítear sa Roinn seo an Ballstát a eisíonn DTÉ AE.

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as an gcód trí litir a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

1.5. Roinn "ISSUED IN/DÉLIVRÉ À":

Sonraítear sa Roinn seo suíomh an údaráis eisiúna.

Léireofar an suíomh i mBéarla nó i bhFraincis.

Féadfaidh an Ballstát eisiúna, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, ainm nó giorrúchán an údaráis eisiúna a áireamh.

1.6. Roinn 'DATE OF ISSUE/Date de délivrance':

Sonraítear sa Roinn seo dáta eisiúna DTÉ AE.

Déanfar na dátaí a scríobh mar seo a leanas:

— an lá ina dhá dhigit, nialas ar an gcéad cheann acu mura mbeidh sa lá a bheidh i gceist ach aon digit amháin;

— spás bán;

— an mhí ina dá dhigit, nialas ar an gcéad cheann acu mura mbeidh sa mhí a bheidh i gceist ach aon digit amháin;

— spás bán;

— an bhliain ag baint úsáid as ceithre dhigit.

Mar shampla: 20 01 2018 = 20 Eanáir 2018.

1.7. Roinn 'DATE OF EXPIRY/date d'expiration':

Sonraítear sa Roinn seo dáta éaga DTÉ AE.

Déanfar dátaí a scríobh mar a shainmhínítear i bpointe 1.6 den Chuid seo den Iarscríbhinn.

De bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/997, tá DTÉ AE le bheith bailí ar feadh na tréimhse is gá chun an turas dá n-eisítear é a chur i gcrích. Agus an tréimhse sin á ríomh, tá liúntas le tabhairt i leith stadanna riachtanacha thar oíche agus i leith naisc taistil a dhéanamh. Tá 'tréimhse chairde' bhreise dhá lá le cur san áireamh sa tréimhse bhailíochta. Mar a fhoráiltear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/997, ní rachaidh bailíocht DTÉ AE thar 15 lá féilire, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

1.8. Roinn 'SURNAME, GIVEN NAME/NOM, PRÉNOM':

Sonraítear sa Roinn seo sloinne agus céadainm nó céadainmneacha an fhaighteora, san ord sin, agus iad scartha le camóg amháin (,).

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as na gnásanna chun ainmneacha a scríobh a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

Is féidir an dara líne a úsáid chun ainmneacha fada a scríobh. Déanfar aon líne den sórt sin a eangú sa chaoi go seachnófar cur isteach ar an ngaireas díraonta íomhánna atá inathraithe go hoptúil, ar an spás atá curtha in áirithe le go bhféadfaí barrachód coiteann 2D a chur leis, nó ar an gcrios meaisín-inléite.

Más mó líon na gcarachtar a theastaíonn chun an sloinne agus an céadainm a scríobh ná na spásanna atá ar fáil, cuirfear ponc (.) in áit na gcarachtar breise.

1.9. Roinn 'NATIONALITY/NATIONALITÉ':

Sonraítear sa Roinn seo náisiúntacht an fhaighteora.

Comhlánófar an Roinn seo trí úsáid a bhaint as na cóid trí litir a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite.

1.10. Roinn 'DATE OF BIRTH/DATE DE NAISSANCE':

Sonraítear sa Roinn seo dáta breithe an fhaighteora.

Déanfar dátaí a scríobh mar a shainmhínítear i bpointe 1.6 den Chuid seo den Iarscríbhinn.

1.11. Roinn 'SEX/SEXE':

Sonraítear sa Roinn seo inscne an fhaighteora.

Comhlánófar an Roinn seo i gcomhréir le Doiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 6.

1.12. Roinn 'REMARKS/Observations':

Úsáidfidh an t-údarás eisiúna an Roinn seo chun aon fhaisnéis bhreise is gá a shonrú, mar shampla cineál agus uimhir an doiciméid ar cuireadh doiciméad eile ina ionad.

Má tá an fhaisnéis sin ar fáil, sonrófar an doiciméad ar cuireadh doiciméad eile ina ionad trí úsáid a bhaint as an gcód doiciméid dhá litir mar a leagtar amach i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite agus uimhir an doiciméid ina dhiaidh sin (e.g. PP123456789).

Más mó líon na gcarachtar sa sloinne agus sa chéadainm ná an líon spásanna atá ar fáil sa Roinn 'SURNAME, GIVEN NAME/NOM, PRÉNOM', sonrófar na carachtair bhreise i ndiaidh ponc (.).

Má eisítear DTÉ AE do mhionaoiseach, féadfar an Roinn seo a úsáid freisin chun ainm agus caidreamh an duine fhásta leis an mionaoiseach a shonrú, mar shampla, san fhormáid seo a leanas:

'In aice le [sloinne, céadainm] ([luaigh an caidreamh, e.g. 'máthair', 'athair', etc.])', mar shampla, 'In aice le Eriksson, Anna Maria (máthair)'.

Déanfar an fhaisnéis a iontráil i mBéarla nó i bhFraincis.

1.13. Méid cló

Ba cheart iontrálacha an limistéir amharc-chigireachta a líonadh isteach ag úsáid méid cló 1.8 mm ar a laghad (agus an litir 'E' á tomhas). Ní phriontálfar iad le méid cló níos lú ná 1.6 mm.

1.14. Roinn don íomhá den aghaidh:

Déanfar grianghraf daite de shealbhóir DTÉ AE a chomhtháthú sa spás a choimeádtar chun na críche sin ar ghreamán DTÉ AE i gcomhréir le Doiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 6, agus leis an tuarascáil theicniúil maidir le cáilíocht phortráide.

Maidir le cáilíocht na portráide, tá feidhm ag an tuarascáil theicniúil ar cháilíocht na portráide (Íomhánna Tagartha den Aghaidh le haghaidh DTMI) leagan 1.0 d'Aibreán 2018 ([1]).

1.15. Crios meaisín-inléite (MRZ):

Beidh an fhaisnéis ábhartha mheaisín-inléite i gcomhréir le Doiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 6, ar ghreamán aonfhoirmeach DTÉ AE, agus comhlíonfaidh sé na sonraíochtaí i nDoiciméad ICAO 9303 maidir le doiciméid taistil mheaisín-inléite, cuid 3.

Ina theannta sin, líonfar isteach na suíomhanna seo a leanas mar a leanas:

Suíomh na gcarachtar MRZ (líne 1)	*Eilimint sonraí*	*Sonraíochtaí*
1-2	Cód an doiciméid	Úsáidfear na carachtair 'PU' chun an doiciméad a ainmniú mar dhoiciméad taistil éigeandála aon bhileog le MRZ ([2]).
Suíomh na gcarachtar MRZ (líne 2)	*Eilimint sonraí*	*Sonraíochtaí*
1-9	Uimhir an doiciméid	Úsáidfear cód tíre dhá litir an Bhallstáit eisiúna mar a leagtar amach é i nDoiciméad ICAO 9303 agus an uimhir seacht ndigit atá réamhphriontáilte ar ghreamán aonfhoirmeach DTÉ AE.
29-35	Eilimintí sonraí roghnacha	Úsáidfear uimhir fhoirm aonfhoirmeach DTÉ AE.

2. **Greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a ghreamú**

2.1. Greamófar an greamán aonfhoirmeach DTÉ AE go daingean den dara leathanach den fhoirm aonfhoirmeach DTÉ AE sa chaoi go gcoiscfear é a bhaint go héasca.

2.2. Déanfar greamán aonfhoirmeach DTÉ AE a ailíniú le himeall an leathanaigh agus déanfar é a ghreamú de. Déanfar crios meaisín-inléite an ghreamáin aonfhoirmigh DTÉ AE a ailíniú le himeall seachtrach an leathanaigh.

2.3. Cuirfear stampa na n-údarás eisiúna ar ghreamán aonfhoirmeach DTÉ AE sa chaoi is go sínfidh sé ar an leathanach.'

([1]) https://www.icao.int/Security/FAL/TRIP/Documents/TR%20-%20Portrait%20Quality%20v1.0.pdf.

([2]) Treoir Tharmligthe (AE) 2024/1986 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le crios meaisín-inléite Dheimhniú Taistil Éigeandála AE (IO L, 2024/1986, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2024/1986/oj).

IARSCRÍBHINN IV

'**Cuid IV**

Rialacha maidir le comhlachtaí éagsúla atá freagrach as foirmeacha agus greamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh

1. **Comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit**

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir (AE) 2019/997, chuir na Ballstáit in iúl do na comhlachtaí seo a leanas go dtáirgeann siad a bhfoirmeacha agus a ngreamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE:

(1) Istituto Poligrafico e Zecca dello Stato S.p.A.

Arna ainmniú ag: An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.

(2) Imprensa Nacional – Casa da Moeda, S. A.

Arna ainmniú ag: an Phortaingéil.

(3) IN Group

Arna ainmniú ag: An Fhrainc ([1]).

2. **Raonta uimhrithe a shanntar do na comhlachtaí ainmnithe éagsúla chun foirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh**

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfanfaidh an comhlacht a d'ainmnigh siad mar chomhlacht a bhfuil freagracht air as a bhfoirmeacha aonfhoirmeacha agus a ngreamáin aonfhoirmeacha DTÉ AE a tháirgeadh, agus an uimhir seacht ndigit á réamhphriontáil acu ar fhoirmeacha DTÉ AE, laistigh de na raonta uimhrithe seo a leanas:

(1) Istituto Poligrafico e Zecca dello Stato S.p.A.: 0 000 000 – 6 999 999;

(2) Imprensa Nacional – Casa da Moeda, S. A.: 7 000 000 – 7 499 999;

(3) IN Group: 7 500 000 – 8 999 999.

Forchoimeádfar an raon uimhrithe 9 000 000 – 9 999 999 lena úsáid amach anseo.'

([1]) Chuir an Fhrainc in iúl don Choimisiún, más gá, go n-athróidh sí a comhlacht ainmnithe go Istituto Poligrafico e Zecca dello Stato S.p.A.